



Gaelscoil na Fuinseoige

[oifig@gsnafuinseoige.ie](mailto:oifig@gsnafuinseoige.ie)

01-2989851

### FÁILTE AR AIS

A thuismitheoirí, a chairde,

Fáilte is fiche ar ais ar scoil agus Athbhliain faoi Shéan is faoi Mhaise Daoibh go léir. Tá súil agam go mbíonn bliain sona agus sláintiúil againn ar fad i 2019.

*Happy New Year to you all and welcome back to school. I sincerely hope that we all have a happy and healthy year in 2019.*

Aisling

### LAETHANTA INSEIRBHÍSE/DÚNADH SCOILE *Teachers' In-service/School Closures*

Beidh dhá lá dúnadh breise ag an scoil i mbliana chun tabhairt faoi in seirbhís. Beidh an chéad lá dúnadh ar an Aoine 15ú Feabhra nuair a bheidh na múinteoirí ag foghlaim faoin gcuraclam teanga nua. Is é an Mháirt, 7ú Bealtaine an dara lá dúnadh agus beidh oiliúnóir ann ón NCSE ag cabhrú linn leis an Rang ASD.

*The school will be closing for two days this year to facilitate teachers in service training. The first closure will be on Friday, 15<sup>th</sup> February. Teachers will be undertaking training in the New Language Curriculum that day. The second closure is to facilitate training with the NCSE to help us with the ASD Class and we will close on Tuesday, 7<sup>th</sup> May for that training.*

## Nuachtlitir Eanáir, 2019

### BAILIÚCHÁN AIRGID TESCO *Tesco Token Collection*

Bhí bailiúcháin i Tesco Dún Droma ar son na scoile an téarma seo caite. Bronnadh seic €330 ar an scoil a bhí go hiontach. Míle buíochas le Tesco as an tacaíocht iontach seo.

*Tesco Dundrum held a blue token collection for the school last term. We were delighted to receive a cheque for €330 for the school. Huge thanks to Tesco for this wonderful local support.*

### CÚRSAÍ PÁIRCEÁLA *Parking Issues*

Faraor, tá gearánta fós ag teacht ó mhuintir na háite faoi chúrsaí páirceála. Iarrfaimid oraibh, le bhúr dtoil, GAN páirceáil ar aon línte buí nó ar AON dhromchla féir sa cheantar. Bheimis buíoch ach go labhródh sibh le cibé duine a bhailíonn do pháiste le bhur dtoil.

*Unfortunately, we are still receiving complaints from local residents about parking around the school. We are once again asking you NOT to park on double yellow lines or ANY grass verges outside the school. Please speak to whomever collects your child about this.*

### CÁRTAÍ NOLLAG *Christmas Cards*

Tá áthas orainn a rá gur bailíodh ós cionn €500 trí na cártaí Nollag a dhíol sa scoil. Míle buíochas le Ruth agus an Coiste Cairde a d'eagraigh é seo.

*We are delighted to announce that the school received over €500 from the Christmas Card sales. Huge thanks to Ruth and the Coiste Cairde who organised this.*



**RANGANNA IAR SCOILE**  
*After School Classes*

Leanfaidh ne Ranganna Iar Scoile ar aghaidh an téarma seo. Tosóidh siad Dé Luain seo chugainn, 14ú Eanáir ar feadh 10 seachtain, suas go dtí seachtain an 25ú Márta. Seo a leanas na sonraí:

*Below are the details of the after school classes this term. Classes will start next Monday. 14<sup>th</sup> and will continue for 10 weeks, ending the week of the 25<sup>th</sup> March.*

**Naíonáin Shóisearacha:**

Dé Luain	Ceol, Craic agus Comhrá	Katy/Jessica	€50
Dé Máirt			
Dé Céadaoin	Rince Gaelach	Joanne	€80
Déardaoin	Spórt	Eimear	€50

**Naíonáin Shinsearacha:**

Dé Luain	Spórt	Eimear	€50
Dé Máirt	Ceol, Craic agus Comhrá	Jessica/Katy	€50
Dé Céadaoin	Rince Gaelach	Joanne	€80
Déardaoin	Ealaín	Caitriona	€70

**Rang a 1**

Dé Máirt	Teagasc Creidimh	Eimear	€50
Dé Céadaoin	Ealaín	Caitriona	€70

Má tá do pháiste ag iarraidh na ranganna a dhéanamh, cuir ainm an pháiste, ainm an mhúinteora, rang agus an méid ceart airgid i gclúdach litreach le tabhairt isteach ar scoil le bhur dtoil.

*If your child wishes to attend any of the after-school classes please send an envelope in for each individual class with your child's name, class, teacher and the correct amount of money in the envelope please.*

---

---

---

---

**CÓD AN GHEATA**  
*School Gate Code*

Tuigtear dúinn go bhfuil an cód de gheata na scoile ar eolas ag roinnt tuismitheoirí. Iarrfaimid oraibh, le bhúr dtoil, gan an geata a oscailt riamh nó gan an cód a roinnt le daoine eile.

*We understand that some parents know the code for the school gate. We ask you, please, never to use the code to open the gate or to share the code with anyone else if you know it.*

**MÍONNA GNÍOMHACHA**  
*Monthly Activities*

Beimid ag díriú ar gné éagsúil den churaclam ar bhonn scoile gach mí don chuid eile den bhliain. Don mhí Eanáir beimid ag díriú ar chúrsaí peannaireachta na bpáistí. Beimid ag déanamh obair bhreise ar pheannaireacht agus bronnfar duaiseanna orthu siúd atá ag feabhsú. Ag deireadh na míosa tá súil againn leabhar scoile a chuir le cheile le sampla oibre ó gach páiste ann.

*Every month we will be focusing on a different area of the curriculum as a whole school project. This month we are focusing on the childrens' handwriting. We will be doing extra work on handwriting and children who are improving will be rewarded during the month. At the end of the month we hope to put a book together with a sample of work from each child in the school in it.*

**ALTRÁÍ HSE**  
*HSE Nurses*

Beidh an HSE ag teacht chun na scoile ar an 15ú Eanáir chun vacsaínithe thabhairt do na páistí i Ranganna Jessica, Kate agus Eimear.

*The HSE will also be coming to the school on the 15<sup>th</sup> of January to administer vaccinations to the children in Rang Kate, Jessica and Eimear.*



## BRAT GNÍOMHACH

### *Active Flag*

Mar is eol daoibh, táimid ag tabhairt faoin mbrat gníomhach sa scoil i mbliana. Tá coiste ann a chabhraíonn leis na múinteoirí na gníomhaíochtaí a eagrú. Déanann na páistí seo na gníomhaíochtaí clóis a eagrú gach Máirt. Seo a leanas an Coiste Gníomhach:

Múinteoir Eimear, Múinteoir Aisling, Múinteoir Mary, Nina Ballo, Theo, Bowie agus Hannah ó Rang Katy. Míle buíochas leo as an obair bhreise ar fad.

*As you are aware, we are hoping to achieve our very first Active Flag this year. We have established a committee who organize various activities. These are the members of the Active Flag Committee:*

*Múinteoir Eimear, Múinteoir Aisling, Múinteoir Mary, Nina, Theo, Bowie agus Hannah ó Rang Katy. Many thanks to them for all their extra work with this.*

## AIRGEAD RINCE GAELACH

### *Irish Dancing Money*

Bíonn ranganna rince Gaelacha ar siúl i rith am scoile gach Déardaoin ag na páistí ar fad sa scoil le Múinteoir Joanne. Déantar thart ar 30 ceacht i rith na bliana agus gearrtar airgead ar na tuismitheoirí chuige seo (€50) don bhliain ar fad. Iarrfaimid orthu siúd nár íoc an €50 go fóill é a chuir isteach le do pháiste go luath. Go raibh maith agaibh.

*Múinteoir Joanne holds Irish Dancing classes during school time every Thursday for all children in the school. The children have 30 dancing lessons throughout the year and parents are asked to pay €50 for these lessons for the year. We are asking any of you who have not yet paid the €50 to please send it in with your child soon. Many thanks.*

## CRUINNITHE TUISTÍ/MÚINTEOIRÍ NAÍONÁIN SHÓISEARACHA

### *Junior Infant Parent Teacher Meetings*

Beidh na cruinnithe tuistí/múinteoirí ar siúl do Rang Kate, Jessica agus Eimear an tseachtain dar tús 4ú Feabhra. Cuirfear nóta abhaile roimh ré leis na hamanna air.

Junior Infant Parent Teacher meetings will be held during the week commencing February 4<sup>th</sup>. Meetings will be held before and after school Monday-Friday. We will send a note home with further details very soon.

## SÍNTIÚS DEONACH

### *Voluntary Contribution*

Ní leor na deontais a fhaightear ón Roinn Oideachais chun na costais atá orainn a ghlanadh. Mar gheall ar seo táimid ag iarraidh oraibh síntiús de €120 (clann) a íoc an chéad sheachtain Mí Feabhra **más féidir**. Cuirfear litir abhaile an tseachtain sin faoi.

Ba mhaith linn a rá gur deontas iomlán deonach é seo. Tuigimid nach féidir le roinnt teaghlaigh an méid seo a íoc. Ní gá a rá, áfach, go bhfuil fíor fáilte roimh síntiús níos mó nó níos lú más féidir. Tabhair faoi deara go dtugann síntiús €250 nó níos mó áis dúinn éileamh a dhéanamh ar an gcáin bhreise atá íoctha agat ar an méid sin.

*The grants we receive from the DES do not cover our outgoing and this money is necessary to cover the shortfall. As a result, we are asking for a contribution of €120 per family the first week in February from those who can pay it. We will send letters out that week.*

*We would like to ensure you that this is an entirely voluntary donation. We understand that for some this may not be possible but any donation is greatly appreciated. However, any families who can afford to contribute a greater amount are most welcome to do so. Please note that contributions of €250 or more per annum allow us to claim an additional amount from the Revenue Commissioners in lieu of tax paid.*

